Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Bealtaine 2019
(OR. en, de)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0355(COD)**

**9327/19**
**ADD 1**

**CODEC 1086**
**SOC 363**
**EMPL 273**
**DIGIT 100**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

I gcomhréir le hAirteagal 23 den Treoir, athbhreithneoidh an Coimisiún cur i bhfeidhm na Treorach seo 8 mbliana tar éis a teacht i bhfeidhm, d'fhonn na leasuithe riachtanacha a mholadh, i gcás inarb iomchuí. Geallann an Coimisiún sa tuarascáil uaidh aird ar leith a thabhairt ar chur i bhfeidhm Airteagail 1 agus 14 ag na Ballstáit. Fíoróidh an Coimisiún comhlíonadh Airteagal 14 freisin agus measúnú á dhéanamh aige ar thrasuigh na Ballstáit an Treoir go hiomlán agus i gceart ina gcórais dlí náisiúnta.

**Ráiteas ón nGearmáin, le tacaíocht ón Ungáir**

Is mian le Poblacht Chónaidhme na Gearmáine (‘An Ghearmáin’) an ráiteas seo a leanas a thabhairt maidir le raon feidhme na Treorach maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach (‘an Treoir’):

Tá an sainmhíniú ar chaidreamh fostaíochta agus ar chonradh fostaíochta ríthábhachtach maidir le raon feidhme na Treorach.

Le linn na caibidlíochta, mhol an Ghearmáin agus a lán de na Ballstáit eile go ndéanfaí tagairt do dhlí náisiúnta na mBallstát chun na críche sin. Déantar difear leis an Treoir seo do chroíréimse dhlí aonair an tsaothair. Tá forbairt tagtha ar na bunstruchtúir sa réimse seo tríd an traidisiún sna Ballstáit agus áirítear leo, go háirithe, an chaoi a ndéantar caidrimh fostaíochta a shainmhíniú agus idirdhealú a dhéanamh idir iad agus caidrimh dhlíthiúla eile.

Faightear tagairt anois don dlí náisiúnta in Airteagal 1(2) den Treoir. Fágann sé sin gur faoi na Ballstáit go príomha atá sé an caidreamh fostaíochta a shainmhíniú agus dá bhrí sin raon feidhme na Treorach a shainmhíniú freisin, i gcomhréir lena rialacha náisiúnta faoi seach.

Is é tuiscint na Gearmáine ar an tagairt in Airteagal 1(2) do chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) go mbaineann sé le cásdlí na cúirte sin maidir le héifeachtacht na dtreoracha a áirithiú. De réir an chásdlí sin, is iad na Ballstáit ar an gcéad dul síos agus go príomha a dhéanann an caidreamh fostaíochta a shainmhíniú, más rud é go ndéantar tagairt sa treoir sin don dlí náisiúnta. Tá an lánrogha sin teoranta mar nach féidir leis na Ballstáit catagóirí áirithe pearsanra a eisiamh go treallach. Déanann CBAE é sin a athbhreithniú i ngach cás aonair, ar bhonn chuspóir na treorach áirithe lena mbaineann.

Ní thugtar le fios leis an tagairt sin in Airteagal 1(2) den Treoir go bhfuil coincheap an chaidrimh fostaíochta le léirmhíniú go haonfhoirmeach ar fud an Aontais. Dá mba amhlaidh, ní bheadh brí ar bith leis an tagairt don dlí náisiúnta. Tá an méid sin le tuiscint freisin as an bhfoclaíocht sin maidir le cur chun feidhme aonfhoirmeach a bheith scriosta ón aithris chomhfhreagrach.

**Ráiteas ón Eastóin**

Leagtar síos leis an togra le haghaidh treoir maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha gnéithe nua i ndáil le cosaint ar dhífhostú agus an dualgas cruthúnais ar fhostóirí. Cé go n-aontaíonn an Eastóin leis an ngá le cosaint ar dhífhostú d'oibrithe agus a thábhachtaí atá an chosaint sin, creidimid freisin go bhfuil géarghá le dóthain solúbthachta a chumasú do na Ballstáit, lena gceadófar dóibh, agus an Treoir á trasuí, a chur san áireamh na córais agus cleachtais éagsúla sna Ballstáit, go háirithe más amhlaidh go dtugtar lena gcórais siúd cosaint níos mó d'oibrithe.

Comhlíontar nó sáraítear cheana i reachtaíocht náisiúnta na hEastóine an leibhéal cosanta a cheanglaítear leis an Treoir.

Ní aithnítear i reachtaíocht na hEastóine ach forais theoranta do dhífhostú, a bhforáiltear dóibh sa dlí. Tá sé d'oibleagáid ar an bhfostóir údar a thabhairt leis an gconradh fostaíochta a chealú agus le linn díospóid thionsclaíoch freisin. Caithfidh an fostóir a chruthú go raibh na forais do dhífhostú ceart agus go raibh údar leo.

Cuireann an Eastóin go láidir in aghaidh an smaoinimh gur *mala fide* ag an bhfostóir é i ngach cás, sárú ar theorainneacha dhlí an tsaothair. Eascraíonn sé sin as míreanna 3 go dtí 6 d'Airteagal 18, ina nglactar leis go bhfuil neamhaird tugtha do na srianta ag an bhfostóir agus an fostaí á dhífhostú. Bunaítear dlí na hEastóine ar thoimhde eile, lena bhforáiltear do chosaint níos mó agus do chur chuige níos dearfa.

Tacaíonn an Eastóin leis an Treoir seo a ghlacadh. Ní aontaíonn an Eastóin, áfach, leis an gcur chuige a ghlactar le hAirteagal 18 maidir leis an gcosaint ar dhífhostú agus dualgas cruthúnais. Táimid den tuairim go gcomhlíontar san Eastóin an chosaint a cheanglaítear leis an Treoir seo, ach bunaithe ar chóras dífhostaithe éagsúil. Ba cheart sainiúlachtaí maidir le dífhostú a fhágáil faoi na Ballstáit le cinneadh a dhéanamh ina leith agus iad a rialáil.

**Ráiteas ó Phoblacht na Seice**

Tá an sainmhíniú ar chaidreamh fostaíochta agus ar chonradh fostaíochta ríthábhachtach maidir le raon feidhme na Treorach. Mhol Poblacht na Seice le linn na caibidlíochta, in éineacht le roinnt Ballstát eile, go ndéanfaí tagairt do dhlí náisiúnta na mBallstát chun na críche sin. Déantar difear leis an Treoir seo do chroíréimse dhlí aonair an tsaothair. Sna Ballstáit aonair tá fréamhacha stairiúla leis na bunstruchtúir sa réimse seo, lena n-áirítear go háirithe an chaoi a ndéantar caidrimh fostaíochta a shainmhíniú agus idirdhealú a dhéanamh idir iad agus caidrimh dlí eile.

Tá tagairt don dlí náisiúnta le fáil anois in Airteagal 1(2) den Treoir. Fágann sé sin gur faoi na Ballstáit ar an gcéad dul síos agus go príomha atá sé an caidreamh fostaíochta a shainmhíniú, agus dá bhrí sin raon feidhme na Treorach a shainmhíniú freisin, i gcomhréir lena rialacha náisiúnta faoi seach.

Is é tuairim Phoblacht na Seice, gur tagairt é an tagairt do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) in Airteagal 1 (2) dá cásdlí maidir le héifeachtacht na dtreoracha a áirithiú. De réir an chásdlí sin, is iad na Ballstáit atá freagrach go príomha as caidrimh fostaíochta a shainmhíniú i gcás ina dtagraítear sa treoir atá faoi chaibidil don dlí náisiúnta. Tá an lánrogha sin teoranta mar nach gceadaítear do na Ballstáit catagóirí áirithe pearsanra a dhíolmhú go treallach. Déanann CBAE é sin a athbhreithniú i ngach cás aonair, ar bhonn chuspóir na treorach faoi seach.

Ní thugtar le fios leis an tagairt sin in Airteagal 1(2) den Treoir go bhfuil coincheap an chaidrimh fostaíochta le léirmhíniú ar bhealach aonfhoirmeach ar fud an Aontais. Dá mba amhlaidh, ní bheadh brí ar bith leis an tagairt don dlí náisiúnta. Tá an méid sin le tuiscint freisin ón toimhde sin maidir le cur chun feidhme aonfhoirmeach a bheith scriosta ó aithris chomhfhreagrach 8.